2025/1148

10.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1148 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 2 Meitheamh 2025

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2025/222 maidir le rochtain ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag bainc cheannais an Eurochórais agus ar chuntais bainc ceannais (BCE/2025/2) *(BCE/2025/18)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe an ceathrú fleasc d'Airteagal 3.1, Airteagal 12.1, Airteagal 22, agus arna léamh i gcomhar le Airteagal 17 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh leasuithe ar Threoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus ar Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] maidir le rochtain ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag bainc cheannais d'institiúidí íocaíochta agus d'institiúidí airgid leictreonaigh, dá ngairtear le chéile soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc (non-bank payment service providers, NB-PSPanna). Mar thoradh air sin, tá gá le leasuithe ar Threoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/8) [3] (dá ngairtear 'Treoirlíne TARGET' anseo feasta), *inter alia*, chun NB-PSPanna a áireamh i measc na n-eintiteas atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i TARGET. I bhfianaise moilleanna i roinnt Ballstát sa limistéar euro maidir leis na leasuithe ar Threoracha 98/26/CE agus (AE) 2015/2366 a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta, chinn Comhairle Rialaithe an BCE na leasuithe ar Threoirlíne TARGET a chur siar. Rinne an Chomhairle Rialaithe an cinneadh sin chun an éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint a d'eascródh dá mbeadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta NB-PSPanna incháilithe chun rochtain a fháil ar roinnt córas íocaíochta arna n-oibriú ag bainc cheannais an Eurochórais, ach ní orthu go léir, lena n-áirítear comhpháirteanna TARGET.

(2) Foráiltear le Cinneadh (AE) 2025/222 (BCE/2025/2) gur féidir le NB-PSPanna rochtain ar TARGET a iarraidh ón 16 Meitheamh 2025. Ba cheart, dá bhrí sin, an dáta sin a chur siar go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2025, arb é an dáta é óna mbeidh feidhm ag na leasuithe ar Threoirlíne TARGET, ar chúiseanna teicniúla.

(3) Foráiltear le Cinneadh (AE) 2025/222 (BCE/2025/2) d'idirthréimhse go dtí an 31 Nollaig 2025 chun a chur ar chumas ascnamh soláthraithe seirbhíse poiblí atá cláraithe faoi láthair mar shealbhóirí cód aitheantóra gnó (business identifier code, BIC) inteagmhála nó mar pháirtithe inrochtana ar chuntas bhainc cheannais an Eurochórais chun bheith ina rannpháirtithe i TARGET. Ba cheart an idirthréimhse sin a fhadú de réir mar is gá de bharr na leasuithe ábhartha ar Threoirlíne TARGET a chur siar. Meastar go bhfuil idirthréimhse go dtí an 31 Márta 2026 réasúnta agus iomchuí maidir leis an gcur chun feidhme sin agus maidir le deireadh a chur de réir a chéile leis an nasc atá ann cheana ag NB-PSPanna áirithe le haghaidh próiseáil íocaíochta.

(4) Ós rud é go bhfuil feidhm ag forálacha Chinneadh (AE) 2025/222 (BCE/2025/2) lena gceadaítear do NB-PSPanna rochtain ar TARGET a iarraidh ón 16 Meitheamh 2025, is gá an Cinneadh sin a leasú roimh an dáta sin. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2025/222 (BCE/2025/2) a leasú dá réir sin,

---

[1] Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/26/oj).

[2] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: https://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj).

[3] Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Feabhra 2022 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíorama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna agus lena n-aisghairtear Treoirlíne BCE/2012/27 (BCE/2022/8) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2022/912/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh (AE) 2025/222 (BCE/2025/2) mar a leanas:

1. in Airteagal 2(2), cuirtear ‘6 Deireadh Fómhair 2025’ in ionad an dáta ‘16 Meitheamh 2025’;
2. in Airteagal 3(4), cuirtear ‘31 Márta 2026’ in ionad an dáta ‘31 Nollaig 2025’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 2 Meitheamh 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE